



## **Scéim Coinneála do Chomhaltaí Foirne Acadúla**

(Tugtha cothrom le dáta an 14 Aibreán 2023)

Tá Ollscoil na Gaillimhe bródúil as bheith ina fostóir comhionannais deiseanna agus as gradam Cré-umha Athena SWAN a bhaint amach. Déanaimid éagsúlacht ár bhfoirne agus ár mac léinn a cheiliúradh, agus tacaímid le timpeallacht atá saor ó leithcheal agus ó chiapadh.

### **1. Scéim Coinneála**

#### **1.1 An Aidhm atá leis an Scéim**

Tá an Scéim deartha chun meicníocht a sholáthar d'Ollscoil na Gaillimhe chun comhaltaí foirne a choinneáil a bhfuil tábhacht straitéiseach leo chun misean agus cuspóirí Ollscoil na Gaillimhe a bhaint amach mar atá leagtha amach ina Plean Straitéiseach, agus ar tairgeadh poist dóibh in institiúidí coibhéiseacha. Faoin scéim seo measfar iad a bheith incháilithe chun iarratas a dhéanamh ar ardú céime chuig: Léachtóir Sinsearach/Ollamh Comhlach, Ollamh le, nó ceapachán mar Ollamh Bunaithe, de réir mar is cuí, ag féachaint dá seasamh acadúil agus leibhéal an phoist a thairgtear dóibh, agus an tábhacht straitéiseach don Choláiste agus don Ollscoil an duine a choinneáil i ngach cás ar leith.

Teastaíonn an Scéim chun go mbeidh an Ollscoil in ann freagairt go tapa do chúinsí den sórt sin.

#### **1.2 Incháilitheacht**

Tá comhaltaí foirne acadúla ar tairgeadh ceapachán dóibh os cionn ghrád an cheapacháin atá acu cheana i dteideal iarratas a dhéanamh faoin Scéim seo ar ardú céime/cheapachán go dtí an grád ar tairgeadh ceapachán dóibh in áit eile.

Ní bheidh an ghnáth-aois scoir sroichte ag iarrthóirí ar ardú céime<sup>1</sup> sula mbeidh an t-ardú céime tagtha i bhfeidhm. De ghnáth, ní mór tréimhse fostaíochta leanúnaí trí bliana in Ollscoil na Gaillimhe a bheith caite ag iarrthóirí sula ndéantar iarratas ar ardú céime faoin scéim seo. Ní cheadaítear iarratais ar ardú céime chuig leibhéal éagsúla ag an am céanna. Ní cheadaítear athiarratas a dhéanamh laistigh de dhá bhliain i ndiaidh iarratas a bheith déanta ar theip air ach amháin i gcúinsí atá sainithe go beacht (féach cuid [7.2 den scéim arduithe céime acadúla](#)).

#### **1.3 Prionsabail na Scéime**

---

<sup>1</sup> Ba cheart d'iarrthóir breathnú ar a gconradh fostaíochta agus ar reachtaíocht náisiúnta ábhartha le haghaidh sonraí ar a n-aois scoir a fháil.



### 1.3.1 Caighdeáin

Beidh caighdeáin na Scéime mar a chéile leis na caighdeáin a chuirfidh an Coiste Arduithe Céime Acadúla i bhfeidhm maidir leis an ngrád a lorgáítear coinneáil ina leith. Is féidir sonraí na scéime seo agus an creat inniúlachta do róil acadúla in Ollscoil na Gaillimhe a fheiceáil ar an láithreán gréasáin seo a leanas: <https://www.universityofgalway.ie/academicpromotions/>

### 1.3.2 Struchtúr Oibriúcháin

Is é struchtúr oibriúcháin na scéime an struchtúr a úsáideann an Coiste Arduithe Céime Acadúla ar gach bealach, ach amháin:

- i. nach mbeidh feidhm leis na spriocdhátaí iarratais;
- ii. go dteastaíonn cinneadh incháilitheachta (leagtha amach i mír 3.1 thíos);
- iii. Laghdóidh incháilitheacht arna bunú amhlaidh le teann tairiscint choibhéseach an gá atá le measúnú seachtrach tar éis don APC an t-iarratas a bhreithniú.

## 1.4 Na Critéir

Is iad na critéir a úsáidfear na critéir a úsáideann an Coiste Arduithe Céime Acadúla maidir le hardú céime go dtí an grád a lorgáítear coinneáil ina leith.

## 2. Iarratas

### 2.1 Uainiú

Is féidir iarratas a dhéanamh ag am ar bith chuig an gCoiste Arduithe Céime Acadúla, tríd an Stiúrthóir Acmhainní Daonna.

### 2.2 Cáipéisíocht

**Ní mór go mbeadh na nithe seo a leanas le d'iarratas**

- 2.2.1 An cháipéisíocht go léir is cuí maidir le hardú céime chuig an ngrád ábhartha ag an bpointe a ndéantar iarratas ina leith, lena n-áirítear plean gairme pearsanta agus ráiteas tacaíochta ó thriúr moltóirí;
- 2.2.2 Cóip den litir tairisceana a fuarthas ón institiúid eile, lena n-áirítear eolas faoi ghrád an phoist a tairgeadh, an tuarastal agus na coinníollacha a ghabhann leis an bpost;
- 2.2.3 Ráiteas gairid ó Dhéan Feidhmiúcháin an Choláiste ábhartha ag léiriú



tábhacht straitéiseach coinneála don Ollscoil.<sup>2</sup> Ba cheart é seo a dhéanamh i gcomhthéacs phleananna straitéiseacha foilsithe agus Phríomhtháscairí Feidhmíochta na hOllscoile, an Choláiste agus/nó na Scoile, ag léiriú go soiléir conas a chomhlíonann coinneáil an riachtanas straitéiseach seo. Ní úsáidfear an ráiteas seo ach chun cabhrú le hincháilitheacht le haghaidh coinneáil a chinneadh, agus ní bheidh sé mar chuid den mheasúnú ina dhiaidh sin ar iarratas an iarrthóra;

### 3. Measúnú

#### Beidh dhá chéim sa Nós Imeachta Measúnaithe:

##### 3.1 Incháilitheacht a Chinneadh:

Déanfaidh an Coiste Arduithe Céime Acadúla athbhreithniú ar thairiscint poist in áit eile d'fhonn incháilitheacht faoin scéim coinneála a chinneadh.

Le cuidiú leis an gCoiste, soláthróidh an Stiúrthóir Acmhainní Daonna ráiteas inchomparáideachta, á rá

- cibé an bhfuil an tairiscint ar an leibhéal céanna leis an tairiscint a bhfuiltear ag iarraidh coinneála ina leith, agus
- cibé acu ó institiúid nó roinn/disciplín atá an tairiscint atá ar comhchéim ó thaobh teagaisc agus taighde de le hOllscoil na Gaillimhe nó an Scoil/disciplín ina bhfuiltear ag iarraidh an té atá i gceist a choinneáil, mar a chinneann Ollscoil aitheanta agus/nó táblaí sraithe ábhair ar leith mar QS, THE etc.
- Dearbhú go bhfuil an tuarastal a thairgtear ar chomhchéim leis an ngrád a lorgáitear coinneáil ina leith.

Má ghlactar le hincháilitheacht ar an dá chuntas, rachaidh iarratas an iarrthóra ar aghaidh chuig measúnú iomlán de réir na ngnáthnósanna imeachta measúnaithe a úsáideann an Coiste Arduithe Céime Acadúla. I gcás nach nglactar le hincháilitheacht, cuirfear an t-iarrthóir ar an eolas i scríbhinn, agus tabharfar míniú ar an gcúis/na cúiseanna leis an gcinneadh.

##### 3.2 Measúnú

Is é an nós imeachta measúnaithe an nós imeachta a bhaineann le gach iarratas chuig an gCoiste Arduithe Céime Acadúla, ach amháin nach gá measúnú seachtrach tar éis don APC é a bhreithniú (féach 1.3.2.iii thuas). Ní bheidh sa cháipéisíocht atá le breithniú ach an méid a chuirtear isteach faoi mhír 2.2.1 agus 2.2.2 thuas. Mar gheall ar chineál na n-iarratas ar choinneáil, féachfaidh an Coiste le gach iarratas den sórt sin a mheas chomh tapa agus is féidir.

---

<sup>2</sup> Sa chás go léiríonn an t-iarrthóir coimhlint leasa leis an Déan Feidhmiúcháin, iarrfar ar an Leas-Uachtarán Taighde an ráiteas seo a líonadh.



Sa chás go gcinneann an Coiste Arduithe Céime Acadúla gan coinneáil a thairiscint, féadfar achomharc a dhéanamh air seo faoin ngnáthphróiseas atá leagtha amach sa Pholasáí Ardaithe Céime Acadúla.

### **3.3 Ballraíocht an Choiste**

Feidhmeoidh an Coiste Arduithe Céime Acadúla mar Choiste Coinneála le haghaidh gach iarratas coinneála faoi bhun leibhéal an Ollaimh Bhunaithe.

Chun iarratais ar choinneáil a mheas ag leibhéal an Ollaimh Bhunaithe, beidh an tUachtarán ar an gCoiste Coinneála mar chomhalta iomlán.

Déanfar monatóireacht agus tuairisciú chuig an EDICC, UMT and EDIHRC ar bhonn bliantúil ar shonraí imdhealaithe inscne i dtéarmaí rochtana ar iarratais ar ardú céime agus iarratais ar éirigh leo tríd an bpróiseas coinneála. Déanfar athbhreithniú ar an scéim seo tar éis trí bliana.